



THE HEALTH
INSURANCE
AUTHORITY

An tÚdarás Árachas Sláinte

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2007



An tÚdarás Árachas Sláinte

Teach na Canála, Bóthar na Canála, Baile Átha Cliath 6.

Teil: (01) 406 0080

Facs: (01) 406 0081

Ríomhphost: info@hia.ie

Líonláithreán: www.hia.ie

Is as muileann páipéir a úsáideann laíon adhmaid ó fhoraois inbhunaithe agus marthanach a tháinig an páipéir a úsáidtear sa tuarascáil seo. Níor úsáideadh aon clóirín sa phróiseas tuartha.

The background of the page is composed of several overlapping, semi-transparent shapes in various shades of green and olive. These shapes are layered to create a sense of depth and movement, with some appearing as curved bands and others as more solid, angular forms. The overall effect is a modern, organic, and layered design.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2007

Clár

1. Ráiteas an Chathaoirligh	4
2. Comhaltas agus Foireann An Údaráis	6
3. Feidhmeanna An Údaráis	9
3.1 Rialúchán	10
3.1.1 Struchtúr Rialúcháin an Mhargaidh	10
3.1.2 Cothromú Fiontar	10
3.1.3 An Clár Gnóthais Sochair Sláinte	14
3.1.4 Monatóireacht ar Comhlíonadh na nAchtanna Árachas Sláinte	15
3.2 Taighde agus Comhairle	15
3.2.1 Tuarascáil Iomaíochta	15
3.2.2 Reachtaíocht	18
3.2.3 Taighde ar an Mhargadh Árachas Sláinte	19
3.2.4 Monatóireacht ar an Chomhshaol Árachas Sláinte	20
3.3 Seirbhísí Tomhaltóra	20
3.3.1 Ceisteanna agus Gearáin an Tomhaltóra	20
3.3.2 Feachtas Faisnéis Tomhaltóra	21
3.3.3 Líonláithreán	21
4. Cúrsaí Corparáideacha	22
4.1 Straitéis	22
4.2 Rialú Corparáideach	23
4.3 Caidreamh le Páirtithe Leasmhara	23
4.4 Áiseanna	24
5. Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais	26
Aguisín A. Staitisticí Bainteacha leis an Mhargadh Árachas Sláinte Príobháideach in Éirinn, 2007	41
Aguisín B. An Clár Gnóthais Sochair Sláinte	42
Aguisín C. Fógra Priontála a úsáideadh san Fheachtas Faisnéis Tomhaltóirí	43

1. Ráiteas An Chathaoirligh

De réir Alt 33(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais den Údarás Árachas Sláinte (“an tÚdarás”) a chur i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2007.

Bliain chinniúnach ba ea í don mhargadh árachas sláinte agus don Údarás an bhliain seo caite. I mí Nollag 2006, d’fhógair BUPA Insurance Limited (“BUPA”) go raibh sé de rún acu an margadh Éireannach a fhágáil i ndiaidh dó a dhúslán in éadán Scéim Chothromaithe Fiontar (“an Scéim”) bheith diúltaithe ag an Ard-Chúirt. Go luath sa bhliain 2007, fógraíodh go raibh sé de rún ag Quinn Insurance Ltd gnó Éireannach BUPA a cheannach. Chláraigh an tÚdarás Quinn Insurance Ltd (ag trádáil mar Quinn Healthcare) mar árachóir sláinte i mí Aibreáin agus cuireadh deireadh le ceannach ghnó Éireannach BUPA in Iúil.

Roimh a iontráil sa mhargadh, rinne Quinn Healthcare an argóint go raibh sé i dteideal díolúine trí bliana ó íocaíochtaí cothromaithe fiontar rud a ceadaíodh d’iarrthóirí nua. Chuir an tÚdarás comhairle ar an Aire dá mba rud é go raibh léamh Quinn Healthcare ar an scéal ceart, go n-éireodh baoil shuntasacha don chreatlach árachas sláinte agus nach mbeadh na hiarmhairtí le leas na gcustaiméirí árachas sláinte go ginearálta. I mí Feabhra, leasaíodh na hAchtanna Árachas Sláinte chun deireadh a chur leis an díolúine trí bliana. Bhí an Scéim leasaithe ina dhiaidh sin i mí Aibreáin. Ba é toradh na leasuithe sin ná íocaíochtaí faoin Scéim a laghdú le thart faoi 25%.

Lean an tÚdarás leis an Scéim a bhainistiú agus a riar agus chuir sé dhá Thuarascáil Chothromaithe Fiontar faoi bhráid an Aire le linn 2007. Bíodh sin mar atá, toisc imeachtaí cúirte idir lámha, tá bac ar íocaíochtaí atá á ndéanamh faoin Scéim faoi láthair. Go nuige seo eisíodh dhá bhreithiúnas maidir le dhá thacar caingean agus tá ceithre thacar caingean eile ag dul ar aghaidh go fóill. Tugann an tÚdarás chun suntais go n-aontaíonn breithiúnas na hArd-Chúirte agus Cúirt Céadchéime na hEorpa lena sheasamh féin gur cuid riachtanach í an scéim chothromaithe fiontar de mhargadh árachas grádaithe pobail. Go deimhin, tá an cheist ann an mbeidh an Scéim Chothromaithe Fiontar in ann tacú le cothabháil ghrádaithe pobail go fadtéarmach nó nach mbeidh.

Rinne an tÚdarás taighde agus thug sé comhairle don Aire Sláinte agus Leanáí ar raon ábhar eile sa bhliain 2007. Is é a bhí san áireamh ná Tuarascáil ar Iomaíocht i Margadh Árachas Sláinte Príobháideach Éireannach chomh maith le comhairle ar fhorbairtí margaidh agus leasuithe leis an reachtaíocht. Mar a bhíonn i gcónaí, tugtar comhairle an Údaráis le leas tomhaltóirí.

Méadaíodh teagmháil idir an tÚdarás agus tomhaltóirí go suntasach sa bhliain 2007 agus leanann an tÚdarás leis chun cúnaimh agus eolas a sholáthar do thomhaltóirí trína líonláithreán agus trí theagmhálacha díreacha. Thug an tÚdarás faoi fheachtas sna meáin chló agus sna meáin chraolta chun feasacht tomhaltóirí ar a gcearta a spreagadh, a gceart chun aistriú idir soláthróirí árachais san áireamh. Rinneadh tuilleadh dul chun cinn nuair a tháinig an tÚdarás ar chomhaontú le hárachóirí maidir le heolas cearta tomhaltóirí a chur i bhfógraí athnuachan.

Is mian liom buíochas a ghabháil le Comhaltaí an Údaráis as a n-obair, a ndiongbháilteacht agus a ndíograis le linn 2007 agus ba mhaith liom fáilte a chur roimh an Uasal Paul Turpin i ndiaidh dó bheith ceaptha ar an Údarás ag an Aire. Is mian liom buíochas a ghabháil chomh maith leis an Aire Sláinte agus Leanaí, an Iníon Mary Harney T.D., chomh maith lena feidhmeannaigh ina Roinn, as a dtacaíocht le linn na bliana.

Mar fhocal scoir, gabhann an tÚdarás a bhuíochas lena fhoireann as a ngealltanais leanúnach chun spriocanna an Údaráis a bhaint amach agus as a n-obair i gcaitheamh na bliana.



J. Joyce

Cathaoirleach

2. Comhaltas agus Foireann An Údaráis

Ballraíocht

Is é an tAire Sláinte agus Leanaí a cheapann Comhaltaí an Údaráis ar théarma cúig bliana. Is iad a leanas Comhaltaí an Údaráis:



An tUasal Jim Joyce (Cathaoirleach)

Ceapadh an tUasal Joyce mar Chathaoirleach an Údaráis ar 1 Feabhra 2006. Is Comhalta den Institiúid Achtúirí agus Comhalta de Chumann Achtúirí in Éirinn é an tUasal Joyce agus ba é Uachtarán an Chumainn idir 1999/2000. Chaith sé a luathghairm sa tStátseirbhís agus chuir sé críoch leis mar Rúnaí Cúnta i Roinn na bPost agus Teileagrafaíochta, ina dhiaidh sin ba é Stiúrthóir Feidhmeannach ar Telecom Éireann ó 1984 go dtí 1992. Ba é Sainchomhairleoir Achtúire don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ansin don Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann ó 1992 go dtí 2005.



An tUasal Dónall Curtin

Is bunaitheoir agus Comhpháirtí Sinsearach le Byrne Curtin Kelly (Cuntasóirí Poiblí Deimhnithe) é an tUasal Curtin. Is comhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cláraithe in Éirinn é. Is Stiúrthóir ar Bhord Údarás Forbartha Cheantar Dugaí Átha Cliath é. Is stiúrthóir é chomh maith ar Chumann Lucht Trádála Éireann agus comhalta den Institiúid Chairte Eadránaithe le taithí mhaith aige ar eadráin, idirghabháil agus réiteach aighnis.



An Iníon Mary Doyle

Is Sainchomhairleoir Gnó le Bank of Scotland Éireann í an Iníon Doyle. Is eacnamaí í le taithí fhorleathan ar ghnó agus baincéireacht Éireannach, a dhírigh ar anailís straitéiseach eacnamaíoch. D'fheidhmigh sí mar Shainchomhairleoir Eacnamaíoch don Bhanc Domhanda agus tá taithí taighde aici ar thraenáil, ar thurasóireacht agus ar bheartas réigiúnach AE. Rinne sí bainistiú ar thabhairt isteach airgeadra an euro do ICC Bank/Bank of Scotland Ireland (BOSI) agus faoi láthair is clárghainisteoir í do thabhairt isteach Basel II Rialacháin Baincéireachta Idirnáisiúnta i BOSI. I measc a cáilíochtaí tá Máistir Ealaíon in Eacnamaíocht agus Diplóma i gCuntasaíocht agus Airgeadas. Ba chomhalta í le roinnt ghrúpaí comhairleacha ar fud an tionscadail, IBEC agus IBF san áireamh.



An tUasal Aidan O'Donnell

Is achtúire é an tUasal O'Donnell. Tá breis agus 20 bliain taithí aige sa tionscal seirbhísí airgeadais agus d'oibrigh sé i roinnt ról sinsearach le Irish Life, Bank of Ireland agus Anglo Irish Bank. Faoi láthair is Príomh-Oifigeach Táirge é d'oibríochtaí Hartford Life san Eoraip. Is Comhalta de Chumann Achtúirí in Éirinn é agus tá Céim Mháistir aige i Riarachán Gnó ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath.



An tUasal Paul Turpin

Oibríonn an tUasal Turpin leis An Fhoras Riaracháin (FR) ag soláthar seirbhísí rialaithe chorparáidigh do bhoird san earnáil phoiblí agus san earnáil sheachbhrabúsach. Roimh thosú leis an FR d'oibrigh sé i seirbhísí airgeadais leis an Anglo Irish Bank, Life Investment Managers agus Goodbody Stockbrokers. Roimhe seo d'oibrigh sé san earnáil phoiblí, mar chomhairleoir eacnamaíoch d'Airí Rialtais agus leis an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialach san áireamh.

Bainistíocht

Is iad a leanas Foireann Bainistíochta an Údaráis:



An tUasal Liam Sloyan

Príomh-Fheidhmeannach/Cláráitheoir



An Iníon Nora Rahill

Bainisteoir Teagmhas Corparáideach, Rúnaí don Údarás go dtí Feabhra 2008



An tUasal Éamonn Horgan

Bainisteoir/Rúnaí Teagmhas Corparáideach don Údarás ó Mhárta 2008



An tUasal Brendan Lynch

Ceannaire Taighde/Seirbhísí Teicniúla



An tUasal Micheál Ó Briain

Ceannaire Gnóthaí Rialúcháin



Tá oifigí An Údaráis Árachas Sláinte lonnaithe ag:

Teach na Canála, Bóthar na Canála, Baile Átha Cliath 6.

Teil: (01) 406 0080

Facs: (01) 406 0081

Ríomhphost: info@hia.ie

Líonláithreán: www.hia.ie

3. Feidhmeanna An Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás le hOrdú Aireachta ar 1 Feabhra, 2001 faoin Acht Árachas Sláinte, 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha an Achta, An tAcht Árachas Sláinte (Leasú), 2001, An tAcht Árachas Sláinte (Leasú), 2003 agus An tAcht Árachas Sláinte (Leasú), 2007 (“na hAchtanna Árachais Sláinte”).¹ Soláthraíonn an reachtaíocht d’fheidhmiú agus do rialúchán gnó árachas sláinte príobháideach in Éirinn.

Leagann “An tríú Treoir Árachas Neamh-Shaoil” (“An Treoir”) an Aontais Eorpaigh amach na riachtanais don mhargadh inmhéanach do Bhallstáit maidir le hárachas neamh-shaoil, árachas sláinte san áireamh.² Ligeann sé do Bhallstáit aonair glacadh leis na riachtanais seo a thabhairt orthu féin ar an dóigh is fearr a oireann dá gcóras dleathach náisiúnta agus dá gcóras náisiúnta cúram sláinte féin. Rinneadh an Treoir a mhalartú isteach i ndlí na hÉireann trí achtú Achtanna Árachas Sláinte, a chuir reachtaíocht i bhfeidhm do na ceithre phrionsabal d’árachas sláinte príobháideach in Éirinn, eadhon, grádú pobail, rollú oscailte, cumhdach saolré agus sochair íosta.

Is iad seo príomhfheidhmeanna an Údaráis mar a sholáthraítear dó sna hAchtanna Árachas Sláinte:

1. comhairle a chur ar, agus tuairisciú do, an Aire maidir le cothromú fiontar agus an Scéim Chothromaithe Fiontar a bhainistiú agus a rialú;
2. “An Clár Gnóthais Sochair Sláinte” a chothabháil;
3. comhairle a chur ar an Aire (ar iarratas ón Aire nó as a stuaim féin) ar ábhair a bhaineann:
 - (a) lena f(h)eidhmeanna faoi na hAchtanna Árachas Sláinte;
 - (b) le feidhmeanna an Údaráis féin; agus
 - (c) le hárachas sláinte go ginearálta;
4. monatóireacht a dhéanamh:
 - (a) ar oibriú na nAchtanna Árachas Sláinte;
 - (b) ar ghnó árachas sláinte a dhéantar; agus
 - (c) ar imeachtaí árachas sláinte go ginearálta.

Tá an tÚdarás cumhachtaithe chun cumhacht ar bith a chleachtadh de réir mar is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Is féidir leis an Aire tuilleadh freagrachtaí a shannadh don Údarás mar a sholáthraítear dó sna hAchtanna Árachas Sláinte.

¹ An tAcht Árachas Sláinte, Ordú 1994 (An Lá Bunaithe), 2001. (S.I. Gh. 40 de 2001).

² Treoir na Comhairle 92/49/CEE 18 Meitheamh, 1992 ar chomhordú dlíthe, rialacha agus forálacha riarachán ag baint le hárachas díreach seachas le hárachas saoil agus Treoir leasaitheach 73/239/CEE agus 88/357/CEE (an tríú Treoir Árachas Neamh-Shaoil). (OJ L 228, 11.8.1992, lch.1).

3.1 Rialúchán

3.1.1 Struchtúr Rialúcháin an Mhargaidh

Tá córas rialúcháin árachas sláinte príobháideach bunaithe ar eochairphrionsabail maidir le grádú pobail, rollú oscailte, cumhdach saolré agus sochair íosta agus is é an aidhm atá aige ná lena chinntiú nach gcosnaíonn árachas sláinte príobháideach níos mó dóibh siúd a dteastaíonn sé uathu go géar. Tá an córas gan mhaoiniú, a chiallaíonn nach mbíonn ciste tógtha thar shaolré duine árachaithe chun costais éilimh ionchasaigh a chlúdach. Ina áit sin, comhthiomsaíonn gach árachóir an t-airgead a thugann gach duine árachaithe agus glactar costas na n-éileamh i mbliain ar leith ón linn.

Is sa chomhthéacs seo is gá coincheap an ghrádaithe pobail a thuiscint. Ciallaíonn seo nach dtéann leibhéal an riosca atá le tomhaltóir ar leith don árachóir i bhfeidhm ar an phréimh a íoctar. I bhfocail eile, iarrtar na táillí céanna préimhe ar gach duine do phlean ar leith, beag beann ar aois, inscne agus riocht a sláinte faoi láthair nó amach anseo faoi réir eisceachtaí maidir le paistí faoi 18 bliain d'aois, mic léinn in oideachas lánaimseartha agus baill scéimeanna grúpa.

Ciallaíonn rollú oscailte agus cumhdach saolré go gcaithfidh árachóirí, ach ámhain i bhfíorbheagán cúinsí sonraithe sa reachtaíocht, glacadh le gach iarratasóir d'árachas sláinte agus tá ceart ráthaithe ag gach tomhaltóir a bheartais a athnuachan beag beann ar a n-aois nó stádas sláinte.

Faoin Rialacháin Sochair Íosta, caithfidh gach táirge árachais, a sholáthraíonn cumhdach do chóireáil othair chónaithigh, leibhéal áirithe sochair íosta a sholáthar. Glactar leis go mbíonn sé riachtanach íosleibhéal na sochar a rialú toisc sainchineál agus cineál casta na dtáirgí árachas sláinte príobháideach, agus gan an rialúchán a d'fhéadfadh tomhaltóirí táirgí a fháil nach gcuireann leibhéal cumhdaigh atá chuimsitheach go leor ar fáil mar thoradh air.

3.1.2 Cothromú Fiontar

Is próiseas é cothromú fiontar a bhfuil sé mar aidhm aige difríochtaí i gcostais éilimh árachóirí, a éiríonn de dheasca comhathruithe i stádas sláinte a mball, a neodró ar bhonn cothromais. Is e atá gceist le cothromú fiontar go mbíonn aistriú íocaíochtaí idir árachóirí sláinte chun cuid de chostais na n-éileamh ó bhaill ardbhaolacha i measc na n-árachóirí sláinte príobháidí sa mhargadh a spré i gcomhréir lena scair den mhargadh. Is meicníocht choiteann é cothromú fiontar i dtíortha le córas árachas sláinte grádaithe pobail.

Cúlra

Thug an tAire Sláinte agus Leanaí (an tAire) an Scéim Chothromaithe Fiontar isteach faoi na hAchtanna Árachas Sláinte agus tháinig sé i bhfeidhm ar 1 Iúil, 2003. Faoin Scéim (mar a rinneadh leasú air), caithfidh árachóirí sláinte tuairisceáin a dhéanamh leis an Údarás do thréimhsí sé mhí ag tosú ar 1 Iúil, 2003, .i. bhain an chéad tuairisceán leis an tréimhse ó 1 Iúil, 2003 go dtí 31 Nollaig, 2003.

Tá ceangal ar An Údarás anailís a dhéanamh ar na tuairisceáin a thugtar faoina bhráid agus iad a mheas ar mhaithe leis na difríochtaí a fháil amach, más ann dóibh, maidir le cineálacha agus scaipeadh rioscaí árachaithe idir árachóirí sláinte. Ón mheastóireacht agus anailís sin, tá ceangal ar an Údarás na haistrithe cothromaithe fiontar agus céatadán comhionannaithe margadh (“CCM”) a chinntiú. Is tomhas é an CCM ar a thábhachtaí atá difríochtaí próifíl baoil idir árachóirí. Ansin soláthraíonn an tÚdarás tuarascáil don Aire ag tabhairt mionsonraí ar an mheastóireacht agus anailís a rinneadh (déantar tagairt dó amach anseo mar “na tuarascálacha sé mhí”). Mar aon le

mionsonraí ar anailís an Údaráis a sholáthar, tá eolas agus comhairle eile sna tuarascálacha sé mhí maidir le gnó Árachas Sláinte a dhéanamh, agus forbairtí maidir le hárachas sláinte go ginearálta, de réir mar a mheasann an tÚdarás gur chóir iad a chur san áireamh.

Mhol an tÚdarás tabhairt isteach íocaíochtaí cothromaithe fiontar i ndiaidh dó a mheastóireacht agus a anailís a dhéanamh ar na tuairisceáin don cheathrú tréimhse (Eanáir go dtí Meitheamh 2005). Chinn an tAire, i ndiaidh di tuarascáil agus aighneachtaí an Údaráis a mheas, ar íocaíochtaí a thosú le héifeacht ó 1 Eanáir 2006. Chinn an Ard-Chúirt roimhe, ar 30 Bealtaine 2005, go mbeadh bac i bhfeidhm ar íocaíochtaí cothromaithe fiontar go dtí go raibh caingean dlí Ard-Chúirte, maidir le dlíthiúlacht Scéim Chothromaithe Fiontar, curtha i gcrích. I Samhain 2006, chosain An Ard-Chúirt an Scéim. Rinne BUPA achomharc ar an bhreithiúnas don Chúirt Uachtarach, áfach. Tá bac ar na híocaíochtaí i bhfeidhm go fóill, ar feitheamh chinneadh na Cúirte Uachtaraí.

Forbairtí Margaidh sa bhliain 2007

I mí Nollag 2006, d'fhógair BUPA go raibh sé ag tarraingt siar ón mhargadh. Chuir sé deireadh le conarthaí a dhíol le baill nua agus d'fhógair sé go gcuirfidh sé deireadh le polasaithe a bhall reatha a athnuachan ó thús Feabhra, 2007.

Ag deireadh mhí Eanáir 2007, d'fhógair BUPA agus Quinn Insurance Ltd go raibh sé mar rún aige sé gnó Éireannach BUPA a cheannach. Mhol BUPA glacadh le baill nua agus conarthaí ball nua a athnuachan go dtí go raibh Quinn-Insurance Ltd (ag trádáil mar Quinn Healthcare) curtha le Clár Gnóthais Sláinte Sochair ar 13 Aibreán 2007. Tharla scéim an aistrithe ar 31 Iúil 2007 nuair a aistríodh gach sealbhóir polasaí Éireannach BUPA chuig Quinn Healthcare. Fágadh éilimh a tharla roimh an dáta sin le socrú ag BUPA.

Athruithe Reachtaíochta

Nuair a d'fhógair Grúpa Quinn Healthcare go raibh sé mar rún aige gnó Éireannach BUPA a cheannach, mhaígh sé gur mheas sé go mbeadh sé i dteideal úsáid a bhaint as an díolúine trí bliana ó íocaíocht chothromaithe fiontar a bhí ceadaithe ag iarrthóirí nua. Scríobh an tÚdarás chuig an Aire ag cur comhairle air, dá mba cheart é léirmhíniú Quinn Healthcare, d'éireodh baoil shuntasacha don chreatlach árachas sláinte agus nach mbeadh na hiarmhairtí le leas na gcustaiméirí árachas sláinte go ginearálta. Scríobh an tÚdarás chuig An Roinn Sláinte agus Leanaí chomh maith maidir le modhanna a thiocthadh le díoltóirí árachas sláinte frithgheallaithe a athrú ar bhonn rialta chun úsáid a bhaint as díolúine shealadach ó íocaíocht chothromaithe fiontar. Mhol an tÚdarás gur chóir céimeanna cuí a thabhairt le tabhairt faoi na ceisteanna seo.

I mí Feabhra 2007, cuireadh an tAcht Árachas Sláinte (Leasú) 2007 i bhfeidhm. Maíodh gurb é cuspóirí an Achta seo ná an díolúine trí bliana a bhaint ar shiúl ó íocaíocht chothromaithe fiontar a bhí i bhfeidhm maidir le hiarrthóirí nua ar an mhargadh agus lena dhéanamh cinnte dearfa go raibh an Scéim Chothromaithe Fiontar le dul i bhfeidhm ar ghnóthais cláraithe nach bhfuil cláraithe a thuilleadh.

I ndiaidh achtú Acht 2007, chuaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí i gcomhairle leis an Údarás maidir le conas ba chóir an Scéim Chothromaithe Fiontar a leasú chun na leasuithe a bhain leis an reachtaíocht phríomhúil a léiriú. Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar dhréacht-Scéimeanna leasaitheacha agus thug sé comhairle don Roinn. Leasíodh an Scéim Chothromaithe Fiontar, 2003 i mí Aibreáin 2007 trí I.R. Uimh. 220 de 2007.

Taobh amuigh d'éifeacht an Achta 2007 a chur san áireamh, ba é an éifeacht is mó a bhí le leasuithe na Scéime ná leibhéal cothromaithe fiontar na n-íocaíochtaí a laghdú trí aistrithe áirithe a iolrú le 80%. Rinneadh roinnt leasuithe teicniúla chomh maith.

Is dócha go n-ardóidh baint ar shiúl díolúine trí bliana ó íocaíochtaí cothromaithe fiontar d'iarrthóirí nua, mar atá leagtha amach san Acht Árachas Sláinte (Leasú) 2007, aistrithe cothromaithe fiontar go gearrthréimhseach. Is é an toradh eile a bhí ar na hathruithe eile ar an Scéim a tugadh isteach sa bhliain 2007 go raibh laghdú 25% ar shuim nach mór do ghnóthais a íocann sa scéim a íoc go meántéarmach nó go fadtéarmach. San iomlán, méadaíonn na hathruithe an buntáiste rialúcháin atá ag árachóirí a bhfuil próifílí le riosca níos ísle acu.

Caingean Dlí

Tá ceithre thacar de chaingean dlí idir lámha, mar atá:

- 1 I mí Bealtaine 2005, thosaigh BUPA caingean dlí san Ard-Chúirt maidir le bailíocht na Scéime Cothromaithe Fiontar. Dhíbir An Ard-Chúirt an éileamh seo i mí na Samhana 2006. Ina breithiúnas, mhaígh An Ard-Chúirt “taobh istigh den chreatlach reachtúil sa chóras Éireannach, is féidir go mbeidh an margadh éagobhsaí gan chothromú fiontar. Ina theannta sin tá sí (*An Scéim Chothromaithe Fiontar*) cóir, réasúnta agus comhréireach”. In Eanáir 2007, thaisc BUPA achomharc leis an Chúirt Uachtarach in aghaidh chinneadh na hArd-Chúirte. Éisteadh an t-achomharc seo i mí na Samhana 2007. Táthar ag fanacht le breithiúnas.
- 2 I mí Eanáir 2006, d'iarr BUPA athbhreithniú breithiúnach in éadan mholadh Dheireadh Fómhair 2005 an Údaráis agus cinneadh Dheireadh Fómhair 2005 an Aire chun tús a chur le híocaíochtaí cothromaithe fiontar. Tá an tÚdarás ina fhreagróir sa chaingean seo agus chomhadaigh sé dhá mhionnscríbhinn ag bréagnú éilimh BUPA. Níor éisteadh an caingean úd go fóill.
- 3 I mí Bealtaine, 2007 thosaigh Quinn Healthcare caingean dlí san Ard-Chúirt in éadan an Achta Árachas Sláinte (Leasú) 2007.
- 4 I mí Iúil 2007 tugadh cead do Quinn Healthcare Sláinte athbhreithniú breithiúnach ar bhailíocht Scéim Chothromaithe Fiontar a iarraidh. Cé go bhfuil an tÚdarás ainmnithe ag Quinn Healthcare mar fhreagróir sa chaingean úd, ní chuireann Quinn Healthcare locht ar bith ar ghníomh ar bith den Údarás. Ina áit sin, cuireann Quinn Healthcare dúshlán roimh an reachtaíocht. Dá thairbhe sin, ní ghlac an tÚdarás, go dtí seo, ach páirt theoranta sa chaingean sin.

Chuaigh BUPA in éadan cinnidh an Choimisiúin Eorpaigh chomh maith ag maíomh nach ionann an Scéim Chothromaithe Fiontar agus Cúnamh Stáit. Éisteadh an cás i gCúirt Céadchéime na hEorpa. I mí Feabhra 2008, dhíbir an Chúirt éileamh BUPA ag rá “is bealach riachtanach agus comhréireach [a leithéid de mheicníocht amhail an Scéim Chothromaithe Fiontar Éireannach], chun árachóirí a chúiteamh, árachóirí ar gá dóibh gach duine atá ina chónaí in Éirinn a chlúdach, ar an phraghas céanna, go neamhspleách beag beann ar riocht a sláinte”.

Tuarascálacha Cothromaithe Fiontar a Cuireadh Isteach sa bhliain 2007

Tuarascáil a leanann anailís ar thuaisceáin faighte in Eanáir 2007

Fuair an tÚdarás an seachtú tacar tuairisceán ó árachóirí, don tréimhse 1 Iúil 2006 go dtí 31 Nollaig 2006, ag deireadh Eanáir 2007. Ón mheastóireacht agus anailís ar na tuairisceáin úd, mheas an tÚdarás go raibh an Céatadán Comhionannaithe Margaidh (CCM) ³ ar 5.6%. Seo an dara tréimhse a bhfuil íocaíochtaí faoin Scéim le híoc. Faoin Scéim, tugtar íocaíochtaí isteach i gcéimeanna don chéad bhliain, is é 50% fachtóir an chéimnithe isteach.

Thug an tÚdarás tuarascáil don Aire ar na tuairisceáin úd i mí Aibreáin 2007. Ag cur céimniú san áireamh, is iad a leanas an méid atá le fáil ag gach árachóir/(atá le tabhairt) ag gach árachóir don chiste/ón Chiste Cothromaithe Fiontar don tréimhse Iúil go dtí Nollaig, 2006:

BUPA Ireland:	(€11,816,613)
ESB Staff Medical Provident Fund:	€818,002
Vhi Healthcare:	€10,998,611
VIVAS Health	€Nialas

Tuarascáil a leanann anailís ar thuaisceáin faighte i mí Iúil 2007

Fuair an tÚdarás an t-ochtú tacar tuairisceán ó árachóirí, don tréimhse 1 Eanáir 2006 go dtí 30 Meitheamh 2007, ag deireadh Iúil 2007.

Thug an tÚdarás tuarascáil don Aire ar na tuairisceáin úd i mí Dheireadh Fómhair 2007. Is iad a leanas an méid atá le fáil ag gach árachóir dó/(atá le tabhairt) ag gach árachóir do chiste/ón Chiste Cothromaithe Fiontar don tréimhse:


BUPA Ireland	(€13,125,807)
ESB Staff Medical Provident Fund	€883,635
Quinn Healthcare	(€1,279,093)
Vhi Healthcare	€13,521,265
VIVAS Health	€Nialas

Mar iarrthóir nua, díolmhaíodh VIVAS Health ó íocaíochtaí cothromaithe fiontar a dhéanamh go ceann trí bliana. Ba é Eanáir go dtí Meitheamh, 2007 an tréimhse dheireanach a bhí VIVAS Health díolmhaíthe as íocaíochtaí cothromaithe fiontar a dhéanamh.

Óna mheastóireacht agus anailís ar na tuairisceáin úd, mheas an tÚdarás go raibh an CCM ar 4.7%. Is patrún coitianta é seo an íslíú san CCM don chéad leath den bhliain. Taispeánann an chart thíos treocht an CCM thar na hocht dtréimhse lena raibh tuairisceáin faighte.

³ Is tomhas ar a thábhachtaí atá difreálaigh baoil idir árachóirí an Céatadán Comhionannaithe Margaidh

CCM do na hocht dtréimhse a bhfuarthas tuairisceáin orthu*



*Tá torthaí CCM don tréimhse ama Ean-Meith 2007 bunaithe ar an reachtaíocht nua

3.1.3 An Clár Gnóthais Sochair Sláinte

Tá an tÚdarás freagrach as “An Chlár Gnóthais Sochair Sláinte” (“An Clár”) a chothabháil. Soláthraíonn Alt 14 den Acht Árachas Sláinte, 1994, go gcaithfidh árachóir árachas sláinte ar bith, a dhéanann gnó Árachas Sláinte in Éirinn, clárú leis an Údarás agus teastas a fháil uaidh.

Tá iarratais ar athnuachan clárúcháin riachtanach go bliantúil. Agus Clárú faighte, eisítear teastas don árachóir sláinte ag dearbhú gur féidir leis an árachóir árachas sláinte príobháideach a thairiscint, de réir théarmaí a rialacha agus a reachtaíochta baintí.

Tá dhá chineál gnóthas árachas sláinte in Éirinn. Is árachóirí sláinte na gnóthais ballraíochta oscailte ar gá dóibh glacadh le gach tomhaltóir ar mian leis árachas sláinte príobháideach a fháil (faoi réir srianta áirithe teoranta mar a bhreactar síos iad sa reachtaíocht). Is scéim gairme iad na gnóthais shrianta go príomha, ní bhíonn de bhaill iontu ach fostaithe eagraíochtaí ar leith.

I ndiaidh dó a fhógairt go raibh sé de rún ag Quinn Insurance Ltd oibríochtaí Éireannacha BUPA a cheannach chuir siad in iúl don Údarás faoina rún bheith curtha ar an Chlár. Chuir Quinn Insurance Ltd (ag trádáil mar Quinn Healthcare) iarratas isteach le bheith in áirítear ar an Chlár nuair a bhí an cead cuí faighte aige ón Rialtóir Airgeadais agus d'éirigh sé ina ghnóthas cláraithe ar 13 Aibreán, 2007.

Cuireadh deireadh le gnóthas ballraíochta srianta, Health Shield Friendly Society Limited agus Royal & Sun Alliance (Ireland) Staff Medical Expenses Scheme, le linn 2007.

Tá na gnóthais ar “An Clár de Ghnóthais Sochair Sláinte” ag 31 Nollaig, 2007 liostaithe in *Aguisín B*.

3.1.4 Monatóireacht ar Chomhlíonadh na nAchtanna Árachas Sláinte

Rialaíonn na hAchtanna Árachas Sláinte, inter alia, na téarmaí faoin a mbíonn táirgí árachas sláinte á soláthar do thomhaltóirí. Déanann an tÚdarás monatóireacht ar fheidhmiú an mhargaidh árachas sláinte agus ar tháirgí gnóthas cláraithe le haghaidh comhlíonta reachtaíocht árachas sláinte.

Tá iomadú ar líon na dtáirgí Árachas Sláinte díolta in Éirinn. Sa bhliain 1996 bhí cúig tháirg Árachas Sláinte ar díol ag Vhi Healthcare; faoi 2003 d'fhás líon na dtáirgí ar díol ag árachóirí ballraíocht oscailte árachóirí go dtí 18. Tá breis agus 100 táirge ar díol ag árachóirí ballraíocht oscailte anois. Bhain forbairt táirge sa bhliain 2007 go príomha le cumhdach d'ospidéal nua a sholáthar mar aon le sochair bhreise eisothair agus sochair fheabhsaithe mháithreachais.

D'éirigh le treocht chun tairiscintí speisialta i margaíocht árachas sláinte a sholáthar, amhail lacáiste ar tháirgí eile a sholáthar do dhaoine a cheannaíonn Árachas Sláinte nó lacáiste a sholáthar dóibh úd a cheannaíonn árachas ar dhátaí ar leith. Maidir leis an dara tairiscint speisialta chuir an tÚdarás comhairle ar an Roinn go dtéann tairiscintí speisialta den chineál seo chun sochair do thomhaltóirí trí chur le hiomaíocht agus le nuáil sa mhargadh. Bíodh sin mar atá, mhol an tÚdarás gur féidir an bonn a bhaint de ghrádú pobail má dhéantar téarmaí speisialta a mhargadh agus a struchtúrú ar bhealach nach féidir ach le foghrúpa den daonra atá feasach ar théarmaí agus atá in áit chun tairbhe a bhaint astu. Mhol an tÚdarás, ina bharúil féin, gur dócha go leanfadh le tairiscintí speisialta den chineál seo agus, ach mura ndéanfaí margaíocht oscailte air, go dtiocfadh leo bheith ina mbagairt ar ghrádú pobail, go háirithe gan íocaíochtaí éifeachtacha cothromaithe fiontar bheith ann.

3.2 Taighde agus Comhairle

3.2.1 Tuarascáil Iomaíochta

I mí Eanáir 2006, d'iarr an tAire Sláinte agus Leanaí ar an Údarás Árachas Sláinte agus ar an Údarás Iomaíochta tuarascáil a thabhairt ar *“bhearta breise chun iomaíocht sa mhargadh Árachas Sláinte Príobháideach a spreagadh agus ar an straitéis nó na straitéisí ar féidir glacadh leo chun cothromaíocht níos fearr a chruthú maidir le sciar an mhargaidh atá i lámha árachóirí in iomaíocht lena chéile.”* D'oibrigh an tÚdarás Iomaíochta agus An tÚdarás Árachas Sláinte go dlúth lena chéile le hullmhúchán na dtuarascálacha. Chuir an tÚdarás Árachas Sláinte a thuarascáil faoi bhráid an Aire i mí Eanáir 2007. Chuir an tÚdarás Iomaíochta tuarascáil faoi bhráid an Aire in Eanáir 2007 chomh maith.

I dtuarascáil an Údaráis Árachas Sláinte tá measúnú ar cé acu tá constaicí iomaíochta ann nó nach bhfuil ag úsáid na dtagarmharc polasaí iomaíochta mar shampla, bacainní ar iontráil agus bacainní le hiomaíocht. Measann an tuarascáil cumhacht cheannaitheoirí, cumhacht an mhargaidh agus cumhacht an struchtúir agus mar aon leis sin measann sé comparáidí idirnáisiúnta bainteacha.

Is é tátal na Tuarascála go dtéann rialacháin riachtanacha chun margadh gradaithe pobail a chothabháil i bhfeidhm ar iomaíocht, ach ceann atá cóir agus comhréireach agus a éascaíonn iomaíocht idir árachóirí. Mar sin féin, tá margadh na hÉireann tiubhaithe agus tá roinnt bearta molta sa tuarascáil, atá deartha le leas tomhaltóirí trí níos mó iomaíochta sa mhargadh a spreagadh.

Is é sprioc príomhúil mholtaí na Tuarascála cúinse a chruthú a ghasta is féidir sa dóigh go bhfeidhmíonn gach árachóir sláinte faoin chreatlach rialúcháin chéanna. Chuige sin, tá roinnt moltaí dírithe ar Vhi Healthcare a éascú ina árachóir údaraithe, faoi rialú an Rialtóir Airgeadais agus a theastaíonn chun air leibhéil sócmhainneachta sonraithe sa reachtaíocht a bhaint amach.

Tá na moltaí sa Tuarascáil déanta i gcomhthéacs íocaíochtaí éifeachtacha cothromaithe fiontar a bheith déanta agus in éagumais na n-íocaíochtaí úd, ní bheadh cuid mhaith de na moltaí indéanta.

Tuarascálacha Eile ar Iomaíocht sa Mhargadh Árachas Sláinte Sa bhliain 2007

Taobh amuigh de Thuarascáil an Údaráis Árachas Sláinte, soláthraíodh dhá thuarascáil eile ar an mhargadh árachas sláinte príobhaideach ar iarratas an Aire Sláinte agus Leanaí sa bhliain 2007. Mar a thugtar faoi deara thuas chuir An tÚdarás Iomaíochta a Thuarascáil isteach i mí Eanáir, 2007.

I ndiaidh do BUPA Insurance a fhógairt go raibh siad ag imeacht as an mhargadh Éireannach, bhunaigh an tAire grúpa de thriúr (Grúpa Barrington) chun fiosrú a dhéanamh ar cé acu “atá sé indéanta ag rannpháiritithe reatha agus ionchasacha sa mhargadh Árachas Sláinte toradh ar chaipiteal úsáidte a shaothrú a bheadh oiriúnach don tionscal árachais” nó nach bhfuil. Thuairiscigh an Grúpa seo i mí Mhárta, 2007. De réir a fheidhme reachtúla chun comhairle a chur ar an Aire, scrúdaigh an tÚdarás Tuarascáil an Ghrúpa Barrington agus léirigh sé a thuairimí faoin Thuarascáil i litir don Aire i Meitheamh, 2007.

Fógairt an Rialtais faoi leasuithe árachas sláinte

I mí Aibreáin 2007, i ndiaidh machnamh a dhéanamh ar Thuarascálacha an Údaráis Árachas Sláinte, An tÚdarás Iomaíochta agus Grúpa Barrington, d’fhógair an Rialtas roinnt imeachtaí dírithe ar chothrom na féinne a chruthú agus rogha an tomhaltóra a fheabhsú. Tá sna bearta tascanna breise don Údarás. Ach go háirithe, iarradh ar an Údarás tabhairt faoin obair a leanas:

- Machnamh a dhéanamh ar chomhoiriúnacht tréimhsí feithimh aois bhainteacha leis an reachtaíocht chomhionannais
- Dul i gcomhairle le hárachóirí maidir le cuimsiú ráitis shoiléir ar chearta tomhaltóirí leis na fógraí athnuachan bliantúla eisithe ag árachóirí
- Machnamh a dhéanamh ar chineál na n-athruithe reachtaíochta a bheadh de dhíth chun feidhmeanna breise molta ag an Údarás agus ag an Údarás Iomaíochta ina dtuarascálacha iomaíochta faoi seach a sholáthar don Údarás
- Próiseas comhairliúcháin a thionscnamh ar leibhéal árachais sláinte, ar chóir dó bheith faoi réir grádaithe pobail, a shainmhíniú.
- Indéantacht scéim ionchasach chothromaithe fiontar a chioradh.

Tá an obair déanta sa bhliain 2007 maidir le gach ceann de na tionscadail úd leagtha amach thíos.

Comhoiriúnacht Tréimhsí Feithimh Aoi- Bhainteacha le Reachtaíocht Chomhionannais

Chuaigh an tÚdarás i gcomhairle le hárachóirí maidir leis an ábhar seo agus thug sé a chomhairle don Roinn i Lúnasa. Ina chomhairle, thug an tÚdarás faoi deara nach dtugann na hAchtanna Árachas Sláinte ar árachóirí tréimhsí feithimh de réir aoise a athrú. Thug an chomhairle faoi deara comh maith nach féidir leis na tréimhsí feithimh aoisbhainteacha bheith ceadaithe faoi théarmaí na reachtaíochta comhionannais ach amháin nuair a bhaintear coinníollacha mionsonraithe amach.

Ráiteas ar Chearta Tomhaltóirí

I gcomhairle leis na hárachóirí, dhréachtaigh an tÚdarás ráiteas caighdeánaithe ar chearta tomhaltóirí. Leagann an ráiteas cearta tomhaltóirí amach maidir le grádú pobail agus maidir le polasaithe árachas sláinte a athnuachan agus a aistriú. D'aontaigh gach árachóir ballraíochta oscailte an ráiteas a chur san áireamh leis na fógraí athnuachana do gach polasaí atá le hathnuachan ar 1 Meán Fómhair, 2008 nó ina dhiaidh.

Machnamh ar Fheidhmeanna Breise don Údarás

Ina thuarascáil ar lomaíocht sa Mhargadh Árachais Sláinte, mhol an tÚdarás don tAire na hAchtanna Árachas Sláinte a leasú leis an chumhacht a sholáthar don Údarás le tabhairt ar ghnóthas Árachas Sláinte a chleachtaidh nó a tháirgí a athrú le forálacha na nAchtanna a chomhlíonadh. Mhol an tÚdarás comh maith a sholáthar dó an fheidhm le cibé beart is cuí a dhéanamh chun feasacht i measc bhaill an phobail faoina gcearta mar thomhaltóirí árachas sláinte agus faoi sheirbhísí árachas sláinte atá ar fáil a spreagadh. Ag leanúint iarratas ón Aire, rinne an tÚdarás machnamh ar chineál na hathruithe reachtaíochta a mbeadh gá leo chun é a sholáthar leis na feidhmeanna úd. Chuir an tÚdarás mionchomhairle ar fáil don Aire i mí Feabhra, 2008, ag maíomh go dtiocfadh freastal ar na feidhmeanna molta ar bhealach cosúil le feidhmeanna anlógacha rialtóirí eile.

Comhairliúchán maidir leis an leibhéal ar chóir do ghrádú pobail dul i bhfeidhm

Aontaíodh téarmaí tagartha don staidéar seo leis an Roinn Sláinte agus Leanaí. San áireamh sna téarmaí tagartha tá measúnú ar mhargaí idirnáisiúnta agus próiseas comhairliúcháin leathain. Cheap an tÚdarás FGS McClure Watters agus a shain-chomhpháirtí, York Health Economics Consortium, mar chomhairleoirí seachtracha chun tacaíocht maidir leis an tionscadal seo a sholáthar. Tá obair maidir leis an staidéar seo idir lámha agus tá rún ag an Údarás an tuarascáil ar an ábhar seo a chur i gcrích go mall sa bhliain 2008.

Staidéar maidir le cothromú fiontar ionchasach

San áireamh sna téarmaí tagartha don staidéar seo tá, measúnú ar mhargaí idirnáisiúnta agus próiseas comhairliúcháin leathain. Le cúnaimh árachóirí, d'aimsigh an tÚdarás roinnt margaí bainteacha ina bhfuil scéimeanna cothromaithe fiontar i bhfeidhm nó inar cuireadh i bhfeidhm iad. D'ullmhaigh comhairleoirí achtúireacha an Údaráis tuarascálacha ar na margaí seo agus cuirfidh na tuarascálacha leis an phróiseas comhairliúcháin. Tá sé ar intinn an Údaráis le tuairisciú ar an staidéar seo go mall sa bhliain 2008.

3.2.2 Reachtaíocht

Is iad na hAchtanna Árachas Sláinte, 1994-2007, Treoracha Árachas Neamh-shaoil AE, mar a malartaíodh isteach go dlí na hÉireann, na hAchtanna Árachas Sláinte Saorálach, na hAchtanna Árachais, Achtanna Banc Ceannais agus Údarás Sheirbhísí Airgeadais na hÉireann, na príomhfhoinsí reachtaíochta maidir le rialú Árachas Sláinte in Éirinn. Is iad An tÚdarás Árachas Sláinte agus an Rialtóir Airgeadais na comhlachtaí atá freagrach as rialú Árachas Sláinte Príobháideach in Éirinn.

Déanann an tÚdarás monatóireacht, ar bhonn leanúnach, ar fhorbairtí sna réimsí reachtaíochta intíre agus reachtaíocht AE araon, ag déiléal le hárachas sláinte agus réimsí eile bainteacha, amhail árachas agus iomaíocht. Chuir an tÚdarás comhairle ar an Aire agus a feidhmeannaigh ar éifeachtaí an mhargaidh árachas sláinte ar fhorálacha mionsonraithe éagsúla den reachtaíocht árachais agus na héifeachtaí féidearthachta sa mhargadh de leasuithe féideartha ar chuid de fhorálacha na reachtaíochta.

An tAcht um Vhi (Leasú), 2008

Tugadh an tAcht Vhi (Leasú) 2008 isteach sa Seanad i mí Aibreáin, 2007. Is é cuspóir an Achta feidhmeanna breise a bhronnadh ar Vhi Healthcare chun cuidiú le Vhi Healthcare le húdarú mar árachóir neamh-shaoil ón Rialtóir Airgeadais a iarraidh. Tá forálacha an Achta ag teacht leis an chomhairle curtha i dTuarascáil an Údaráis don Aire ar Iomaíocht sa Mhargadh Árachas Sláinte Príobháideach.

Cheap an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Airgeadais comhairleoirí le tuairisciú ar roghanna maidir le húdarú agus le húinéireacht do Vhi Healthcare. Bhuail an tÚdarás leis na comhairleoirí chun ceisteanna bainteacha an tionscadail a phlé. Tugann an tAcht deis chun leasuithe a dhéanamh ar Achtanna Árachas Sláinte agus thug an tÚdarás comhairle don Roinn maidir leis na leasuithe úd.

Pleananna Airgid Thirim Ospidéal

Eisíonn Alt (c) sa sainmhíniú ar chonradh Árachas Sláinte sna hAchtanna Árachas Sláinte cuid de na cineálacha conarthaí árachais soláthraithe ag dhá sholáthróir plean airgid thirim ón sainmhíniú. Tagann ceisteanna polasaí iomaíochta as maidir leis an eisiáimh agus d'ardaigh na cuideachtaí nach mbeadh i dteideal úsáid a bhaint astu na ceisteanna úd. Mhol an tÚdarás gur chóir don Roinn Sláinte agus Leanaí tabhairt faoin cheist seo. Cuireadh clásal ina dhiaidh sin san Acht (Leasú) Vhi, 2008 chun alt (c) sa sainmhíniú de chonradh Árachas Sláinte sna hAchtanna Árachas Sláinte a aisghairm.

Bhí díospóireachtaí idir an tÚdarás agus an Roinn Sláinte agus Leanaí maidir le sainmhíniú ar chonradh Árachas Sláinte agus bhuail an tÚdarás le dhá sholáthróir plean airgid thirim a bhí i dteideal díolúine ón shainmhíniú chun éifeacht aisghairm na díolúine a phlé. Chuir an tÚdarás comhairle ar fáil don Roinn maidir le leasuithe bainteacha a bhí curtha san áireamh san Acht Vhi (Leasú), 2008.

Grádú Pobail Saolré

Is córas grádaithe pobail saolré é nuair is féidir le hárachóirí préimh níos airde a iarraidh dóibh a ghlacann amach árachas sláinte den chéad uair níos moille anonn ina saol. Faoi ghrádú pobail saolré bheadh duine atá 70 bliain d'aois a bhí árachaithe ó bhí sé 30 bliain d'aois ag íoc na préimhe céanna le duine atá 30 bliain d'aois ach bheadh duine atá 70 bliain d'aois nach raibh árachaithe roimhe ag íoc préimhe níos airde. Measann an tÚdarás go laghdódh glacadh isteach grádaithe pobail saolré roghnú dochrach sa mhargadh.

Tugann na hAchtanna Árachas Sláinte an deis chun glacadh isteach Rialachán ag búnú córas grádaithe pobail saolré in Éirinn. Sa bhliain 2007, chuir an tÚdarás comhairle ar fáil don Roinn Sláinte agus Leanaí maidir lena leithéid de Rialacháin a dhréachtú agus bhí díospóireachtaí aige le feidhmeannaigh Roinne i dtaca leis seo. Scaip an tAire Rialacháin dréachta ar árachóirí le haghaidh machnaimh.

Rollú Oscailte

Dá thairbhe tabhairt isteach Grádaithe Pobail Saolré a mholfar, moltar chomh maith go leasóidh Rialacháin Rollaithe Oscailte chun na forálacha a cheadaíonn tréimhsí feithimh a athrú de réir aoise ar iontráil a bhaint amach. Chuir an tÚdarás comhairle ar fáil don Roinn Sláinte agus Leanaí maidir lena leithéid de Rialacháin a dhréachtú agus scaipeadh Rialacháin dréachta ar árachóirí le haghaidh machnaimh.

Sochair Íosta

Déanann an tÚdarás monatóireacht ar chomhlíonadh Rialacháin Sochair Íosta, atá tábhachtach maidir le héifeachtúlacht ghrádaithe pobail agus le cosaint tomhaltóra.

Ina Pháipéar Bán 1999 ar Árachas Sláinte Príobháideach, scaoil an Rialtas a rún chun córas reatha sochair íosta a leasú. Sa bhliain 2005, mhol an tÚdarás gur chóir an córas sochair íosta a shimpliú in aighneacht don Roinn Sláinte agus Leanaí. Ina thuarascáil don Aire ar *Iomaíocht sa Mhargadh Árachas Sláinte Príobháideach*, mhol an tÚdarás gur chóir Rialacháin Sochair Íosta a leasú trí iad a shimpliú, ag baint ar shiúl cuid den srianadh ar cad é is féidir le hárachóirí a thairiscint agus ag baint ar shiúl tagairtí de luachanna airgeadais a mhéad is féidir.

3.2.3 Taighde ar an Mhargadh Árachas Sláinte

Sa bhliain 2007 choimisiúnaigh an tÚdarás Insight Statistical Consulting (Insight) chun taighde cáilíochtúil agus cainníochtúil a dhéanamh ar an mhargadh Árachas Sláinte Príobháideach (ASP) in Éirinn leis na riachtanais shainiúla a leanas:

- Peirspictíocht níos soiléire ar an mhargadh Árachas Sláinte a sholáthar agus na nithe a leanas a chur san áireamh;
 - barúlacha tomhaltóirí i dtaca leis an mhargadh árachas sláinte príobháideach,
 - eolas ar ról na grúpaí scéime fostóir-bhunaithe,
 - eolas tomhaltóirí ar an mhargadh árachas sláinte príobháideach,
 - iompar aistrithe na dtomhaltóirí árachas sláinte príobháideach,
 - inspreagadh chun árachas sláinte príobháideach a cheannach, agus
 - fáthanna nach mbíonn neamh-thomhaltóirí cumhdaithe agus na coinníollacha faoina n-iontrálann siad an margadh.
- eochair-threochtaí thar na trí suirbhéanna a rinneadh i 2002, 2005 agus 2007 a aimsiú,
- iarmhairtí athruithe le gairid sa mhargadh sláinte (m.sh. sealbhú oibríochtaí Éireannacha BUPA Insurance Ltd. ag Quinn Group, tosú cothromaithe fiontar) a aimsiú.

Chun dul i ngleic leis na riachtanais úd, tugadh faoi na príomhghníomhaíocht taighde a leanas;

- Suirbhé náisiúnta le 1,000 aosach ar bhonn pearsanta (suirbhé tomhaltóirí),
- Suirbhé fostóirí ar 200 riarthóir scéimghrúpaí Árachas Sláinte Príobháideach taobh istigh d'eagraíochtaí ag oibriú taobh istigh de Phoblacht na hÉireann (suirbhé fostóirí),
- Clár taighde cháilíochtúil ina raibh 6 fhócasghrúpa tomhaltóirí agus 4 grinnagallamh le daoine a bhí freagrach as an scéim árachas sláinte príobháideach a riar taobh istigh d'eagraíocht mhór.

Soláthraíodh tuarascáil ar an taighde don Aire i mí Aibreáin, 2008. Léirigh an tuarascáil gur lean scaireanna margaidh na n-iarrthóirí nua ar an mhargadh (Quinn Healthcare agus VIVAS Health) ar aghaidh ag méadú leo. Léirigh an taighde chomh maith go síleann tomhaltóirí a mhór dá gclúdach árachas sláinte agus gur ann do leibhéal ard sásaimh agus go bhfuil an leibhéal ag fás i measc tomhaltóirí maidir le hárachas sláinte.

3.2.4 Monatóireacht ar an Chomhshaol Árachas Sláinte

Déanann an tÚdarás monatóireacht ar cheisteanna ginearálta a bhaineann leis an mhargadh árachas sláinte, mar shampla reachtaíocht bhainteach, boilsciú míochaine, forbairtí sa mhargadh cúram sláinte in Éirinn agus i gcúram sláinte idirnáisiúnta agus i gcórais árachas sláinte. Mar aon le monatóireacht ar tháirgí árachas sláinte a dhéanamh, déanann an tÚdarás monatóireacht ar tháirgí eile ar féidir leo tionchar a imirt ar an mhargadh árachas sláinte príobháideach amhail pleananna airgid thirim ospidéal.

3.3 Seirbhísí Tomhaltóra

Is barrthábhachtach don Údarás leasa tomhaltóirí. Measann an tÚdarás toradh rialachán nó reachtaíochta nua ar thomhaltóirí. Tá sé mar aidhm ag an Údarás feasacht tomhaltóirí ar a gcearta a spreagadh agus le cuidiú leo comparáid a dhéanamh idir táirgí árachas sláinte agus iad a thuiscint. Faoina fheidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht gnó árachas sláinte, déanann an tÚdarás monatóireacht ar sholáthar eolais do thomhaltóirí ag árachóirí chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh Achtanna Árachas Sláinte.

3.3.1 Ceisteanna agus Gearáin an Tomhaltóra

Cuidíonn an tÚdarás le tomhaltóirí trí cheisteanna a bhaineann le hárachas sláinte a fhreagairt agus trí chuidiú leo le gearáin in aghaidh árachóirí a réiteach. Sa bhliain 2007, mhéadaigh ceisteanna agus gearáin faoi dhó, ag ardú go thart faoi 600.

Ba iad a leanas na hábhair a tógadh go minic leis an Údarás:

- Ceisteanna ginearálta maidir le hárachas sláinte príobháideach
- Cearta maidir le haistriú árachóirí
- Caighdeáin seirbhísí árachóirí
- Tréimhsí feithimh
- Iarratais ar fhoilseacháin eolais an Údaráis.

Le linn 2007, d'idirghabh an tÚdarás go rathúil ar son tomhaltóirí maidir le fadhbanna a bhí acu lena n-árachas. Thíos faoi tá dhá shampla de na chineálacha cásanna a ndeachaigh an tÚdarás i ngleic leo.

Cás-Staidéar 1:

D'éirigh roinnt tomhaltóirí buartha nuair a mhol ball dá bhfoireann chúram custaiméara nach raibh cumhdach ar fáil níos mó don aonad nuabhreithe san ospidéal máithreachais ar a mbeadh siad ag freastal gan mhoill. Ba é an glao gutháin a fuair siad ón árachóirí an chéad fhógra a fuair siad maidir leis an ábhar seo.

Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil leis an árachóir agus d'fhiosraigh siad conas a chuirfeadh an t-árachóir roimhe téarmaí chonradh an tomhaltóra a laghdú i lár téarma. D'fhreagair an t-árachóir nár tarraingíodh siar an cumhdach, ach gur tharla míchumarsáid idir an bhainistíocht agus gníomhairí cúram custaiméara de thairbhe athrú sa socrú íocaíochta díri idir an t-árachóir agus an t-ospidéal. Chuaigh an t-árachóir i dteagmháil le gach tomhaltóir agus chuir siad ar an eolas iad faoin chás.

Cás-Staidéar 2:

Cuireadh comhairle ar thomhaltóir gur cuireadh a tréimhsí feithimh i leataobh nuair a ghlac sí ballraíocht le scéim árachas sláinte a fostóra. Ag fágáil fostaíochta leis an chuideachta seo di lean sí lena conradh aonair leis an árachóir. Ina dhiaidh sin, cuireadh in iúl di gur cuireadh a tréimhsí feithimh i bhfeidhm arís nuair a d'fhág sí an fhostaíocht sin.

Rinne an tÚdarás an argóint nár chóir téarmaí agus coinníollacha an chonartha a athrú toisc athrú i bhfostaíocht an duine árachaithe, nó é a athrú le linn bhliain an pholasaí. D'fhreagair an t-árachóir trí chur in iúl gur ndearnadh meancóg le linn a gcomhfhreagrais roimhe agus mhaígh siad gurbh é a gcleachtadh é na comhaontuithe úd a chomhlíonadh beag beann ar cé acu a d'fhág an custaiméir an ghrúpscéim nó nár fhág. Cuireadh in iúl don tomhaltóir mar sin agus bhí siad sásta leis an toradh.

3.3.2 Feachtas Faisnéis Tomhaltóra

I mí Nollag 2005, d'iarr an tAire Sláinte agus Leanaí ar an Údarás a mhachnamh a dhéanamh ar an cheist faoi fheasacht an tomhaltóra a fheabhsú maidir lena gcearta le haistriú idir árachóirí faoin chreatlach reatha rialacháin agus chun céimeanna a thabhairt i dtaca le cearta aistritheachta an tomhaltóra a thabhairt chun suntais.

Thug an tÚdarás faoi fheachtais, sna méain chló agus sna neáin chraolta, chun na cearta aistritheachta árachas sláinte príobháideach a thabhairt chun suntais. Tá cóip den fhógra priontála a úsáideadh san fheachtas san áireamh in Aguisín C.

Rinneadh bileoga eolais an Údaráis a athbhreithniú agus a athdhearadh. Scaoileadh amach na bróisiúir nua i mí Eanáir 2008.

3.3.3 Líonláithreán

Sa bhliain 2007, rinne an tÚdarás a líonláithreán a athdhearadh chun inrochtaineacht úsáideoirí a fheabhsú, maidir le faisnéis tomhaltóirí go háirithe. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú ar ábhar an líonláithreáin le tuilleadh cuidithe a thabhairt do thomhaltóirí chun táirgí Árachas Sláinte a thuiscint agus chun an táirge is oiriúnaí dá gcúinsí a roghnú. Foilsíonn an tÚdarás tábla a bhíonn nuashonraithe go rialta ag soláthar achoimre ar mhionsonraí ar tháirgí sa mhargadh i bhformáid tomhaltóir-chairdiúil.

4. Cúrsaí Corparáideacha

4.1 Straitéis

Bunaíodh an tÚdarás mar rialtóir neamhspleách don mhargadh árachas sláinte Príobháideach in Éirinn. Chun a ról seo a chomhlíonadh, d'fhorbair an tÚdarás a phlean oibre chun fíis, misean agus luachanna a chlúdach.

Fíis an Údaráis

Is í fíis an Údaráis ná “Cur le leas gach duine trí mhargadh árachas sláinte iomaíochta a éascú le linn dó grádú pobail, rollú oscailte agus clúdach saolré a chaomhnú”.

Misean an Údaráis

Is é misean an Údaráis:

- monatóireacht agus taighde a dhéanamh ar árachas sláinte go ginearálta
- moltaí a thabhairt ar chur i ngníomh nó eile maidir le cothromú fiontar agus bainistiú agus rialú ar scéim ar bith cothromaithe fiontar
- comhairle a chur ar an Aire faoi árachas sláinte go ginearálta
- rialacháin eile bhainteacha mar atá forordaithe a chur i bhfeidhm
- leasa tomhaltóirí árachas sláinte anois agus amach anseo a chosaint.

Luachanna an Údaráis

Thug an tÚdarás luachanna air le cur i bhfeidhm ina ghníomhaíochtaí. Is iad luachanna an Údaráis ná:

- a neamhspleáchas a choinneáil
- gníomhú go neamhchlaonta agus le hionracas i gcónaí
- oibriú ar dhóigh ghairmiúil agus éifeachtach
- a dhúshlán uathúla a chomhlíonadh, bheith oscailte le haghaidh smaointe nua, moltaí ó gach foinse agus nuálach ina chur chuige
- trédhearcacht a choinneáil ina chuid oibre uile
- meas a bheith acu ar a dhaoine.

4.2 Rialú Corparáideach

Cód Cleachtais ar Rialú Corparáideach

D'ullmhaigh an tÚdarás "Cód Cleachtais ar Rialú an Údaráis Árachas Sláinte" bunaithe ar an "Chód Cleachtais ar Rialú Comhlachtaí Stáit" eisithe ag An Roinn Airgeadais i mí Mhárta 2002. Tá an tÚdarás géilliúil i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm gach gnáthamh agus treoirlíne rialaithe corparáidigh agus nuashonraíonn sé an Cód Cleachtais de réir mar is cuí faoi réir treoirlínte agus reachtaíochta atá bainteach.

Eitic in Oifig Poiblí

Tá an tÚdarás san áireamh in Ionstraim Reachtúil Uimh. 699 de 2004 ar mhaithe le hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon Comhaltaí an Údaráis agus gach ball foirne bainteach a n-oibleagáidí de réir na reachtaíochta seo.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaíodh agus cuireadh na Cuntais Bhliantúil do 2007 isteach chuig Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ("an ARC&C") le haghaidh iniúchta. Rinne an oifig iniúchadh ar na Cuntais seo agus cheadaigh an oifig sin iad agus tá siad leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo ag Alt 5. Cloíonn an tÚdarás le doiciméadú rialaithe chorparáidigh a d'eisigh an ARC&C a leagann amach treoirlínte agus caogheáin maidir le cuntais a chur isteach le haghaidh iniúchta.

Teangacha Oifigiúla

Comhlíonann an tÚdarás a dhualgas maidir le reachtaíocht na dTeangacha Oifigiúla agus fanann sé i dteagmháil leis An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir leis seo.

Saoráil Faisnéise

Tháinig an tÚdarás Árachas Sláinte laistigh de scóip an Achta Saoráil Faisnéise nuair a ritheadh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 Rialacháin (Comhlachtaí Forordaithe) 2006, i bhfeidhm ó 31 Bealtaine, 2006.

De bhreis air sin, iarratais déanta faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise a phróiseáil de réir mar a thagann siad isteach, d'ullmhaigh an tÚdarás dhá leabhrán, "Treoir ar Fheidhmeanna agus ar Thaifid i seilbh an Údaráis" agus "Treoir ar Rialacha, ar Ghnáthaimh agus ar Chleachtais an Údaráis", le chéile treoraíonn siad iarratasóir trí phróiseas Saoráil Faisnéise. Cuirtear na leabhráin le chéile de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus foilsítear iad ar líonláithreán an Údaráis.

4.3 Caidreamh le Páirtithe Leasmhara

I rith 2007 rinne an tÚdarás iarracht caidrimh iomchuí ghairmiúla a chothabháil le páirtithe leasmhara sa mhargadh árachas sláinte príobháideach Éireannaigh agus bhí sé an oscailte le haghaidh moltaí agus smaointe ó gach foinse. Chun seo a dhéanamh, bhuail an tÚdarás le páirtithe leasmhara go rialta chun ábhair a thit laistigh d'fhreagrachtaí an Údaráis a phlé, agus, a mhéad is féidir, choinnigh sé an trédhearcacht ina chuid oibre. San áireamh sna páirtithe leasmhara tá tomhaltóirí, árachóirí, comhlachtaí gairmiúla agus rialtóirí eile.

Straitéis Cumarsáide

Tá polasaí oscailteachta, comhairliúcháin agus díospóireachta i bhfeidhm ag an Údarás le páirtithe leasmhara bainteacha. Cuireann an tÚdarás fáilte roimh chumarsáid le tomhaltóirí, páirtithe leasmhara agus páirtithe eile a bhfuil suim acu i soláthar seirbhís rialúcháin agus i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

4.4 Áiseanna

Foireann

Tá cead ag an Údarás foireann de naonúr bheith acu.

Maoiniú

Maoinítear oibriú an Údaráis trí cháin a chuirtear ar ghnóthais cláraithe de réir Alt 17 den Acht Árachas Sláinte, 1994⁴. Is iad na rialacháin cánach a thug an tAire isteach sa bhliain 2001 a leagann síos an méid atá le híoc ar 0.14% de phréimhioncam de ghnóthais cláraithe, atá le híoc ar bhonn ráithiúil. Tá oibleagáid ar ghnóthais cláraithe chun sonraí de phréimhioncam agus líon daoine árachaithe a chur isteach. Tá achoimre ar na staitisticí in Aguisín A. Leagtar amach An Clár Gnóthais Sochair Sláinte ag 31 Nollaig, 2007 in Aguisín B.

4 Acht Árachais Sláinte, 1994 (Alt 17) Rialacháin Cánach, 2001(I.R. Uimh. 255 de 2001)



Cuntais 2007

5. Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

don bhliain 1 Eanáir 2007 go dtí 31 Nollaig 2007

Don Aire Sláinte agus Leanáí

De réir théarmaí Alt 32(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994, cuireann An tÚdarás Árachas Sláinte a Thuarascáil agus Cuntais i láthair don tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch 31 Nollaig 2007.

Clár

Eolas an Údaráis	27
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	28
Ráiteas ar chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh	30
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis	32
Ráiteas ar na Polasaithe Cuntasaíochta	33
Ráitis Airgeadais	34

Eolas an Údaráis

Sínte thar ceann Chomhaltaí an Údaráis

J. Joyce (Cathaoirleach), téarma tosaithe Feabhra, 2006

Dónall Curtin, *téarma tosaithe Aibreán, 2006*

Mary Doyle, *athcheaptha Feabhra, 2006*

Aidan O'Donnell, *athcheaptha Feabhra, 2006*

Paul Turpin, *téarma tosaithe Deireadh fómhair, 2007*

Príomh-Fheidhmeannach/Cláraitheoir

Liam Sloyan

Rúnaí

Nora Rahill

Baincéirí

AIB plc.

40/41 Sráid Westmoreland

Baile Átha Cliath 2

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

Oifigí

Teach na Canála

Bóthar na Canála

Baile Átha Cliath 6

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoin Acht Árachais Sláinte 1994.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí an Údaráis agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta Árachais Sláinte 1994, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an tÚdarás na ráitis airgeadais de réir Cleachtas Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltáin an Údaráis leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Údaráis.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtas Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chúil coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtugann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtugann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtugann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Údaráis, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Údaráis ag 31 Nollaig 2007 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



Gerard Smyth

*Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
23 Meitheamh 2008*

Ráiteas ar chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Ráiteas ón Chathaoirleach maidir le measúnú ar rialaithe inmheánacha airgeadais den Údarás Árachas Sláinte de réir mar a eilítear in alt 10.2 (iii) den “Chód Cleachtais ar Rialú Comhlachtaí Stáit” ceadaithe ag an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2001

1. Admhaíonn an Cathaoirleach agus Comhaltaí an Údaráis gurb é Bord an Údaráis atá freagrach as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh an Údaráis Árachas Sláinte.
2. Admhaíonn an Cathaoirleach agus Comhaltaí chomh maith nach féidir lena leithéid de chóras rialaithe airgeadais inmheánach ach ráthaíocht réasúnta a sholáthar agus nach féidir leis ráthaíocht iomlán a sholáthar go mbíonn sócmhainní cosanta, idirbhearta ceadaithe agus taifeadta mar is cuí agus go gcosctar nó go n-aimsítear earráidí ábhartha nó mírialtachtaí in am is i dtráth.
- 3-4. Leag Comhaltaí an Údaráis na heochairghnáthaimh a leanas amach a dearadh le rialú airgeadais inmheánach éifeachtach a sholáthar laistigh den Údarás: -

Mar a sholáthraítear in Alt 26(5) d’Acht Árachas Sláinte, 1994, is é an Príomh-Fheidhmeannach/ Cláráitheoir (“an PF”) atá freagracht as gnó agus bainistíocht an Údaráis a dhéanamh agus as rialú ginearálta an riaracháin agus gnó an Údaráis agus comhlíonfaidh sé cibé feidhmeanna eile a chinnfidh an tÚdarás. D’aontaigh Comhaltaí an Údaráis gurb iad an PF agus an fhoireann atá freagrach as ábhair oibríochtúla. Tuairiscíonn an PF do na Comhaltaí ag a gcruinnithe a dhéantar ar bhonn míosúil de ghnáth.

Ghlac na Comhaltaí le Cód Cleachtais do Rialú an Údaráis Árachas Sláinte bunaithe ar Chód Cleachtais na Roinne Airgeadais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Ghlac na Comhaltaí le Rialacha maidir le Gnáthnamh agus Gnó Chruinnithe an Údaráis Árachas Sláinte dá gcruinnithe.

Cuireann an tÚdarás Gnáthnaimh Airgeadais i bhfeidhm ag leagan amach na dtreoracha airgeadais, nótaí ar ghnáthnaimh agus cleachtais dealagáideachta. Déanann an Coiste Iniúchta agus Airgeadais athbhreithnithe ar na cuntais bhainistíochta, ráitis airgeadais bhliantúla, buiséadú agus gnáthaimh airgeadais go ginearálta. Tháinig an Coiste le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar ábhair airgeadais bainte le 2007. Fostaíodh comhairleoirí, cuntasóirí agus comhairleoirí iniúchta inmheánaigh san áireamh, in eochairlimistéir nuair a mheastar gur cuí iad na seirbhísí sin.

Tá córas bogearraí ríomhaire i bhfeidhm ag an Údarás ina bhfuil pacáiste cuntasáíochta agus pacáiste párolla ann chun rialú airgeadais inmheánaigh an Údaráis a éascú.

De thairbhe méid na heagraíochta agus líon na foirne fostaithe, d’fhostaigh an tÚdarás comhlacht cuntasáíochta seachtrach chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu ar son an Údaráis agus chun meicníocht mhíosúil airgeadais tuairiscithe a dhéanamh ar bhainistíocht na gcuntas go ginearálta agus buiséid san áireamh.

Rinne an tÚdarás athbhreithniú iniúchta inmheánaigh ar an Údarás agus a ghnó i mí Dheireadh Fómhair 2006. Fostaíodh comhairleoirí seachtracha chun an anailís seo a dhéanamh, ina raibh na Comhaltaí agus foireann an Údaráis rannpháirteach ar bhealach gníomhach chun rioscaí féideartha a aimsiú agus a chur in ord tosaíochta.

Athbhreithniú Bliantúil Rialaithe

Deimhním maidir leis an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007, go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtúlacht rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Sínithe thar ceann Chomhaltaí an Údaráis



J. Joyce
Cathaoirleach

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis

De réir Alt 32(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994, tá riachtanas ar Chomhaltaí an Údaráis ráitis airgeadais a ullmhú i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte agus Leanaí comhairliúchán tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Is gá don Údarás, agus é ag ullmhú na ráitis airgeadais úd:

- Polasaithe cuntasáiochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- Cur in iúl cé acu ar cloíodh caighdeáin chuntasaíochta nó nár cloíodh, faoi réir imeacht suntasach a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú bunaithe ar ghnóthas leantach ach ámhain nuair nach cuí é glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá freagracht ar an Údarás leabhair chuí chuntas a choinneáil, a nochtann ar bhealach fíor agus cóir ag am ar bith dóigh airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas lena chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le hAlt 32(2) den Acht. Tá freagracht ar an Údarás chomh maith sócmhainní an Údaráis a chosaint agus chun céimeanna réasúnta a thabhairt chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.



J. Joyce
Cathaoirleach



Aidan O'Donnell
Comhalta

12 Meitheamh 2008

Ráiteas ar na Polasaithe Cuntasaíochta

Is iad a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha ar glacadh leo sna ráitis airgeadais:

Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta ginearálta agus faoin choinbhinsiún costais stairiúil agus comhlíonann siad na caighdeáin thuairiscithe airgeadais den Bhord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

Ioncam Cánach

Léiríonn ioncam cánach an méid bailithe ag an Údarás i dtaca leis an tréimhse. Cuireann sé san áireamh íocaíochtaí déanta leis an Údarás de réir Achtanna Árachas Sláinte, 1994 - 2003 agus déantar réasúntacht na suime sin a sheiceáil in éadan an ioncaim cánach lena mbeifear ag súil bunaithe ar phróifíl an Údaráis maidir le scéimeanna árachas sláinte príobháideach.

Aitheantas Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe mar a bhíonn sé a thabhtú.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Maítear sócmhainní seasta inláimhsithe ar chostas lúide dímhéas carnach. Áirítear an dímhéas, a ghearrtar ar an Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, chun costais na sócmhainní seasta a dhíscríobh ar a saol úsáideach mar a mheastar, faoin mhodh dronlíne ar ráta bliantúil de 33¹/₃% do threalamh ríomhaireachta agus 20% do gach sócmhainn eile ón dáta a fhaightear é.

Airgeadraí Eachtrannacha

Malartaítear idirbhearta a dhéantar in airgeadraí eachtrannacha go euro le linn na bliana agus áirítear iad sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse sin.

Malartaítear sócmhainní airgeadaíochta agus dliteanais a dhéantar in airgeadraí eachtrannacha go euro ar rátaí malairte rialaithe ag dáta an chláir chomhardaithe agus áirítear gnóchain agus cailleanais sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse sin.

Aoisliúntas

De réir Alt 28 den Acht Árachas Sláinte, 1994, is féidir leis an Údarás, le cead an Aire Sláinte agus Leanaí agus Aire Airgeadais, scéim a dhéanamh chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill fhoirne an Údaráis. Tá an tÚdarás ag teacht chun deireadh leis na socrú a dhéanamh faoin chineál sin scéime i gcomhar leis an dá Roinn agus tá sé ag déanamh na n-asbhaintí riachtanacha ó thuarastail coinnithe ag an Údarás, ach nach n-aithnítear mar ioncam iad. Tá an tÚdarás ag soláthar do ranníocaíochtaí fostóirí don Scéim. Ar mhaithe le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, measann an tÚdarás gurb ionann an scéim agus scéim ranníocaíochtaí sainmhínithe, ina bharúil féin, agus rinne sé cuntas air dá réir sin.

Forchoimeádann Ginearálta

De réir mar a fhorbraíonn ról an Údaráis mar rialtóir agus mar chomhairleoir Margadh Árachas Sláinte Éireannach, is amhlaidh is dócha go mbeadh costais bhreise ann de bharr cúinsí éisceachtúla. Táthar ag súil go n-úsáidfear an Forchoimeádann Ginearálta le déileáil le dliteanas a thagann aníos sa chás seo.

Ráitis Airgeadais

Cuntas loncaim agus Caiteachas

don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2007

	Nótaí	12 mí dar críoch 31 Nollaig 2007 €	12 mí dar críoch 31 Nollaig 2006 €
Ioncam	1	2,069,541	1,819,334
Costais Riaracháin	2	(1,896,106)	(1,736,876)
		173,435	82,458
Ioncam iomarcach thar chaiteachas			
Ús Infhaighte		62,762	35,071
Barrachas don tréimhse		236,197	117,529
Barrachas Carnach ag tús			
Tréimhse		626,163	558,634
Aistriú chuig Forchoimeádann Ginearálta	8	(50,000)	(50,000)
Barrachas Carnach ag deireadh tréimhse		812,360	626,163

Níl gnóchain nó cailteanais le haithint, ach iad úd lena ndéileáladh sa Chuntas loncaim agus Caiteachais.



J. Joyce
Cathaoirleach



Aidan O'Donnell
Comhalta

12 Meitheamh 2008

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas Polasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 11.

Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig, 2007

	Nótaí	2007 €	2006 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	4	3,699	5,616
Sócmhainní reatha			
Banc agus Airgead tirim		2,386,034	2,022,382
Aisíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	5	558,128	494,599
		2,944,162	2,516,981
Creidmheastóirí (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Creidmheastóirí agus fabhruithe	6	(927,606)	(738,539)
Sócmhainní reatha glan		2,016,556	1,778,442
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		2,020,255	1,784,058
Sócmhainní glana		2,020,255	1,784,058
A sheasann do			
Ioncam iomarcach carnach thar chaiteachas	8	812,360	626,163
Forchoimeádann Ginearálta		1,207,895	1,157,895
		2,020,255	1,784,058



J. Joyce
Cathaoirleach



Aidan O'Donnell
Comhalta

12 Meitheamh 2008

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas Polasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 11.

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. Ioncam

Soláthraíonn Alt 17 den Acht Árachas Sláinte, 1994 d'íocaíocht ioncaim cánach trí ghnóthais cláraithe leis an Údarás gach ráithe. Leagann Rialacháin Chánach, 2001, an tAcht Árachais Sláinte, 1994 (Alt 17) an ráta iarbhír don ioncam cánach ar 0.14% de phréimheanna árachas sláinte bunúsacha íoctha le gach gnóthas cláraithe agus srianta in Éirinn.

	2007 €	2006 €
Ioncam Cánach	2,069,041	1,819,304
Saoráil Faisnéise	500	30
	2,069,541	1,819,334

2. Costais Riaracháin

	2007 €	2006 €
Costais tuarastal agus foirne (oiliúint san áireamh)	604,320	512,516
Luach saothair Chomhaltaí	31,500	37,333
Cíos, Táillí Seirbhísí agus Cothabháil	126,820	146,939
Costais earcaíochta	9,966	56,013
Sainchomhairliúchán (Nóta 3)	628,745	720,245
Árachas	47,234	43,756
Costais Ríomhaireachta agus Stáiseanóireachta	20,635	29,731
Costais Eile Riarachán	51,788	38,892
Faisnéis Tomhaltóirí	357,125	85,263
Iníúchadh	13,000	11,500
Dímheas	4,973	54,688
	1,896,106	1,736,876

3. Costais Sainchomhairliúcháin

	2007 €	2006 €
Cuntasaíocht	64,273	71,043
Seirbhísí Achtúireacha	75,286	79,903
Seirbhísí Dleathacha	320,092	505,232
Caidreamh Poiblí	45,963	46,718
Taighde	118,007	14,388
Aoisliúntas	726	961
Seirbhísí Aistriúcháin	4,398	2,000
	628,745	720,245

4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh Ríomhaireachta €	Feistiú Oifige, Troscán & Trealamh €	Iomlán €
Costas			
Ag 31 Nollaig 2006	69,135	330,236	399,371
Breisiúcháin le linn na tréimhse	2,776	280	3,056
Diúscairtí le linn na tréimhse	(6,011)	0	(6,011)
Ag 31 Nollaig 2006	65,900	330,516	396,416
Dímheas			
Ag 31 Nollaig 2006	65,084	328,671	393,755
Táille don tréimhse	3,575	1,398	4,973
Dímheas ar dhiúscairtí	(6,011)	0	(6,011)
Ag 31 Nollaig 2007	62,648	330,069	392,717
Luach Glan Leabhair			
Ag 31 Nollaig 2007	3,252	447	3,699
Ag 31 Nollaig 2006	4,051	1,565	5,616

5. Aisiocaíochtaí agus ioncam fabhraithe

	2007 €	2006 €
Ioncam fabhraithe	520,708	457,430
Réamhíocaíochtaí	36,978	37,169
Cártaí Taistil	442	-
	558,128	494,599

6. Creidmheastóirí (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

	2007 €	2006 €
Creidmheastóirí trádála agus fabhraithe	439,122	412,585
Foráil pinsean (Nóta 7)	436,362	306,258
PAYE/PRSI	14,451	19,550
Seirbhísí Gairmiúla le Cáin Shiarchoinneálach	36,555	146
Cánachas Breisluacha	1,116	0
	927,606	738,539

7. Foráil Pinsean

Tá an tÚdarás ag teacht ar an socrú deireanach faoi scéim sochair pinsin dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar an tSamhail Seirbhíse Poiblí agus táthar ag fanacht ar cheadú an Aire Airgeadais agus an Aire Sláinte agus Leanaí. Tá ranníocaíochtaí inioctha leis an Aire Sláinte agus Leanaí ranníocaíochtaí an fhostóra san áireamh ar ráta de 25% ó Iúil 2006, (16.66% roimhe seo) de phá inphinsin agus gearrtar iad den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. D'aontaigh an tAire aisiocaíocht a thabhairt don Údarás maidir le sochair íoctha faoin scéim. Tá na méideanna a leanas san áireamh sa cheannteideal, "Tuarastail agus Costais Foirne (oiliúint san áireamh)" (Nóta 2):

	2007 €	2006 €
Ag tús na tréimhse	306,258	221,598
Ranníocaíochtaí Fostaí	26,016	19,295
Ranníocaíochtaí Fostóra	106,497	74,056
Iomlán	438,771	314,949
Aisiocaíocht Ranníocaíochtaí	(2,409)	(8,691)
Aistrithe i bhForáil Pinsean	-	-
Aisióc Dlite	-	-
Ag deireadh na tréimhse	436,362	306,258

8. Barrachas Carnach ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais

	2007 €	2006 €
Ag tús na tréimhse	626,163	558,634
Barrachas don tréimhse	236,197	117,529
	862,360	676,163
Aistriú chuig Forchoimeádann Ginearálta	(50,000)	(50,000)
Barrachas coinnithe	812,360	626,163

9. Gealltanais Chaipitil

Níl gealltanais chaipitil do chaiteachas caipitiúil ag 31 Nollaig 2007.

10. Dliteanais Theagmhasacha

Tá an tÚdarás páirteach i roinnt caingean dlí a bhfuil cuntas níos suntasaí tugtha orthu áit eile sa Tuarascáil Bhliantúil. Tá sé muiníneach faoi thoradh na gcaingean agus tá sé ag cosaint a sheasaimh go bríomhar.

11. Ceadú Ráitis Airgeadais

Cheadaigh Comhaltas an Údaráis na Ráitis Airgeadais ar 12 Meitheamh 2008.

Aguisín A

Tábla 1:

Staitisticí Bainteacha leis an Mhargadh Árachas Sláinte Príobháideach in Éirinn, 2007

Comhaltas ⁽¹⁾ & ⁽²⁾

	Líon iomlán Daoine Árachaithe (ooos)	Clúdach Árachas Sláinte Príobháideach mar % de dhaonra (2)
Nollaig-2001	1,871	48.2%
Nollaig-2002	1,941	49.2%
Nollaig-2003	1,999	49.8%
Nollaig-2004	2,054	50.4%
Nollaig-2005	2,115	50.6%
Nollaig-2006	2,174	50.9%
Nollaig-2007	2,245	51.2%

Ioncam Préimhe

Bliain	Ioncam Iomlán (€m)
2002	821.9
2003	978.2
2004	1,061.1
2005	1,152.7
2006	1,236.2
2007	1,477.8

Nótaí

(1) Baineann gach uile fhigiúir le margadh iomlán sláinte árachas príobháideach, i.e. clárú oscailte agus gnóthais shrianta.

(2) Tá figiúirí daonra bunaithe ar meastacháin dhaonra CSO agus idirshliocht/eachtarshliocht.

Aguisín B

An Clár Gnóthais Sochair Sláinte ag 31 Nollaig 2007

Gnóthais Ballraíochta Oscailte

1. BUPA Insurance Limited
2. Quinn Insurance Limited (ag trádáil mar Quinn Healthcare)
3. The Voluntary Health Insurance Board (ag trádáil mar Vhi Healthcare)
4. VIVAS Insurance Limited (ag trádáil mar VIVAS Health)

Gnóthais Ballraíochta Srianata

1. CIE Clerical Staff Hospital Fund
2. ESB Marina Staff Medical Provident Fund
3. ESB Staff Medical Provident Fund
4. Irish Life Assurance Plc Outdoor Staff Benevolent Fund
5. Irish Life Medical Aid Society
6. Motorola Medical Aid Society
7. New Ireland/Irish National Staff Benevolent Fund
8. Prison Officers' Medical Aid Society
9. Cumann Árachas Sláinte Naomh Pól an Gharda Síochána
10. The Goulding Voluntary Medical Scheme

Aguisín C

Fógra Priontála a úsáideadh san Fheachtas Faisnéis Tomhaltóirí



Your health insurance needs may change.

That's why you have the right to change plan, whenever you want.

There are all kinds of reasons why you might want to change your current health insurance plan. Maybe your cover isn't quite what you need anymore or you could find a lower premium. Whatever the reason, under Irish law you can change your health insurance provider whenever you like, **without penalty**.

The Health Insurance Authority is an independent regulator that helps consumers compare their options and understand their rights regarding health insurance.

Visit www.hia.ie to find out more.

The Health Insurance Authority
Canal House, Canal Road, Dublin 6
T: 01 406 0080 E: info@hia.ie
www.hia.ie

THE HIA IS AN INDEPENDENT STATUTORY REGULATOR FOR HEALTH INSURANCE IN IRELAND



THE HEALTH INSURANCE AUTHORITY



Your health insurance needs may change.

That's why you have the right to change plan, whenever you want.

There are all kinds of reasons why you might want to change your current health insurance plan. Maybe your cover isn't quite what you need anymore or you could find a lower premium. Whatever the reason, under Irish law you can change your health insurance provider whenever you like, **without penalty**.

The Health Insurance Authority is an independent regulator that helps consumers compare their options and understand their rights regarding health insurance.

Visit www.hia.ie to find out more.

The Health Insurance Authority
Canal House, Canal Road, Dublin 6
T: 01 406 0080 E: info@hia.ie
www.hia.ie

THE HIA IS AN INDEPENDENT STATUTORY REGULATOR FOR HEALTH INSURANCE IN IRELAND



THE HEALTH INSURANCE AUTHORITY